Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7695/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0101(NLE)**

**ECOFIN 280**
**CADREFIN 44**
**UEM 47**
**FIN 375**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 152 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSualainn a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 152 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 152 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.3.2022
COM(2022) 152 final

2022/0101 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSualainn a fhormheas

{SWD(2022) 102 final}

2022/0101 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSualainn a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhí tionchar suaiteach ag ráig COVID-19 ar gheilleagar na Sualainne. In 2019, 148 % de mheán an Aontais, b'shin é olltáirgeacht intíre (OTI) per capita na Sualainne. Tháinig laghdú 2.9 % ar fhíor-OTI na Sualainne in 2020 agus tháinig méadú 1.8 air go carnach in 2020 agus 2021. I measc na ngnéithe fadtéarmacha a bhfuil tionchar acu ar fheidhmíocht eacnamaíoch mheántéarmach tá leibhéal ard rannpháirtíochta lucht saothair, earnáil déantúsaíochta láidir dírithe ar an onnmhairiú, seasamh láidir fioscach agus líontán sábhála sóisialta ardfhorbartha ach míchothromaíochtaí seasmhacha a eascraíonn as an margadh tithíochta agus as fiachas ard teaghlaigh freisin. Cé go bhfuil an leibhéal táirgiúlachta i ngeilleagar na Sualainne ar an leibhéal is airde san Aontas Eorpach, tá fás na táirgiúlachta marbhánta agus tá neamhréireanna fós ann sa mhargadh saothair. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí, chun fás inbhuanaithe, cothrom agus cuimsitheach a chothú sa tSualainn, luas leormhaith nuálaíochta, soláthar leormhaith lucht saothair oilte a áirithiú in aimsir mórathruithe déimeagrafacha agus teicneolaíocha, agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a leachtú de réir a chéile.

(2) An 9 Iúil 2019 agus an 20 Iúil 2020, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Sualainne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don tSualainn an infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, agus ar oideachas, scileanna, taighde agus nuálaíocht, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh. D'fhonn feidhmiú an mhargaidh tithíochta a bhaint amach, mhol an Chomhairle don tSualainn aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le fiachas ard teaghlaigh, infheistíocht a spreagadh i dtógáil chónaithe i gcásanna ina bhfuil an ganntanas is práinní, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh tithíochta. Mhol an Chomhairle freisin éifeachtacht agus forfheidhmiú an

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

chreata frithsciúrtha airgid a fheabhsú. Iarradh ar an tSualainn gach beart is gá a dhéanamh, i gcomhréir le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh a thiocfaidh as sin. Nuair a bheidh dálaí eacnamaíocha ann chuige sin, ba cheart don tSualainn beartais fhioscacha a shaothrú ina ndírítear ar sheasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus an infheistíocht á feabhsú ag an am céanna. Ar deireadh, moladh don tSualainn athléimneacht an chórais sláinte a áirithiú. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha tráth a tíolacadh an plean téarnaimh agus athléimneachta ('RRP'), measann an Coimisiún go bhfuil an moladh maidir le himscaradh 5G curtha chun feidhme go hiomlán. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le hiompar inbhuanaithe agus maidir leis na bearta uile is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bpaindéim, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh a thiocfaidh as sin.

(3) An 2 Meitheamh 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an tSualainn faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Thángthas ar an gconclúid san anailís a rinne an Coimisiún go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann sa tSualainn, go háirithe maidir leis na rioscaí a bhaineann le ró-luacháil ar thithe mar aon le hardú leanúnach ar fhiachas teaghlaigh.

(4) An 28 Bealtaine 2021, chuir an tSualainn a RRP náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. Lean an aighneacht sin próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Tá úinéireacht náisiúnta ar na RRPanna mar bhonn taca lena gcur chun feidhme rathúil agus lena dtionchar marthanach ar an leibhéal náisiúnta agus le creidiúnacht ar an leibhéal Eorpach. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(5) Ba cheart cuspóirí ginearálta na Saoráide um Théarnamh agus Athléimneacht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 (an 'tSaoráid') agus cuspóirí ginearálta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle a shaothrú le RRPanna chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Ba cheart dóibh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí rannchuidiú leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Beidh cur chun feidhme RRPanna na mBallstát ina iarracht chomhordaithe lena ndéanfar athchóirithe agus infheistíochtaí ar fud an Aontais. Trí chur chun feidhme comhordaithe agus comhuaineach agus trí chur chun feidhme tionscadal trasteorann agus ilnáisiúnta, déanfaidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a chéile a

2 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

atreisiú go frithpháirteach agus beidh iarmhairtí dearfacha acu ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tiocfaidh thart ar aon trian de thionchar na Saoráide ar fhás agus ar chruthú post na mBallstát as iarmhairtí ó Bhallstáit eile.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(7) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá san RRP, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(8) Áirítear san RRP bearta a chuireann le gach ceann de na sé cholún, agus roinnt comhchodanna ina dtugtar aghaidh ar cholúin éagsúla ag an am céanna. Cuidíonn an cur chuige sin lena áirithiú go dtugtar aghaidh ar gach colún ar bhealach cuimsitheach comhleanúnach. Leis na bearta chun an tionscal agus an t-iompar a dhícharbónú agus chun tacú le tionscadail áitiúla agus réigiúnacha maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT), meastar go gcuirfear an t-aistriú glas chun cinn. Tacaítear leis sin tuilleadh trí scéimeanna tacaíochta poiblí chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, lena n-áirítear trí chórais chliste fuinnimh a úsáid. Meastar go rannchuideoidh an RRP go cuimsitheach leis an gcolún digiteach, le bearta chun nascacht ardluais a fheabhsú tuilleadh, scileanna digiteacha a chothú trí oideachas agus oiliúint, agus seirbhísí ríomhrialtais agus seirbhísí poiblí digiteacha a fheabhsú.

(9) Meastar go gcabhróidh an tacaíocht a thugtar d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua sa réimse glas le geilleagar na Sualainne fás ar bhealach cliste inbhuanaithe. Meastar go gcuirfidh tacaíocht d'athoiliúint agus d'uasoiliúint le fás cuimsitheach do chách. Ina theannta sin, na bearta lena ndírítear ar dhul i ngleic leis an dúshlán déimeagrafach, eadhon na teorainneacha aoise maidir le pinsean agus slándáil shóisialta agus córais chánach a choigeartú, meastar go gcuideoidh siad le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht shamhail eacnamaíoch agus shóisialta na Sualainne a áirithiú. Maidir le comhtháthú sóisialta agus críochach, meastar go gcuideoidh an tacaíocht do thabhairt isteach leathanbhanda i gceantair thuaithe lena áirithiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar nascacht ardluais agus, ar an gcaoi sin, comhtháthú críochach a chothú, agus measfar go gcothófar comhtháthú sóisialta trí bhearta lena ndíreofar ar oideachas agus ar oiliúint agus trí bhearta chun an soláthar tithíochta a mhéadú.

(10) Ba cheart athléimneacht chóras sláinte na Sualainne a fheabhsú trí bhearta spriocdhírithe chun soláthar foirne cuí-oilte a mhéadú, agus ba cheart feabhas a chur ar athléimneacht chóras airgeadais na Sualainne trí éifeachtacht an Údaráis um Maoirseacht Airgeadais a fheabhsú. Meastar go gcuirfidh an RRP le hathléimneacht shóisialta trí hionchais maidir le haistriú a chothú i margadh an tsaothair. Na bearta chun an riarachán poiblí a dhigitiú, mar aon le hathchóirithe chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, meastar go rachaidh siad chun tairbhe d'athléimneacht na n-institiúidí. Meastar go gcuirfidh RRP na Sualainne le beartais don chéad ghlúin eile ina mbeidh bearta maidir le teanga na Sualainne agus gairmoiliúint, trí acmhainní breise a chur ar fáil d'ollscoileanna, agus trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras cosanta fostaíochta lenar cheart feabhas a chur ar ionchais fostaíochta don ghlúin óg.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an RRP go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an tSualainn, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, arna ndíriú ar an mBallstát lena mbaineann nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(12) Áirítear san RRP sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a chuidíonn chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle chuig an tSualainn sa Seimeastar Eorpach in 2019 agus in 2020, go háirithe sna réimsí seo: athléimneacht an chúraim sláinte, an t-athrú aeráide agus an t-aistriú digiteach, forbairt oideachais agus scileanna, taighde agus nuálaíocht, frithsciúradh airgid agus feabhas a chur ar na dálaí soláthair agus ar an tsoghluaisteacht sa mhargadh tithíochta.

(13) Áirítear san RRP bearta chun inrochtaineacht agus acmhainneacht an chórais cúraim sláinte a mhéadú. Tá neartú ar athléimneacht an chúraim sláinte neadaithe i bplean níos leithne chun an córas cúraim sláinte a uasghrádú. Meastar go mbainfidh cúram sláinte na Sualainne tairbhe as an RRP trí oiliúint a chur ar sholáthraithe cúraim scothaosta, tríd an líon méadaithe áiteanna staidéir sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint (Yrkesvux) ina ndírítear ar shláinte agus ar chúram sóisialta agus go mbainfí tairbhe freisin as teideal cosanta a thabhairt isteach d'altraí cúnta, rud a fhágfaidh go mbeidh an ghairm seo níos tarraingtí d'fhostaithe féideartha.

(14) Tá an RRP dírithe go mór ar an aistriú glas agus an aistriú digiteach, ar an aistriú ísealcharbóin agus an aistriú fuinnimh agus ar an mbonneagar inbhuanaithe. Tacaítear leis an aistriú glas le scéimeanna leathana fóirdheontais arb é is aidhm dóibh dlús a chur le dícharbónú na tionsclaíochta agus an iompair trí infheistíocht a chur chun cinn i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nuálacha le haghaidh réitigh saor ó iontaise. Tacaítear go háirithe leis an aistriú digiteach le hinfheistíochtaí tiomnaithe chun nascacht ardluais a fheabhsú a thuilleadh, agus trí bhearta lena dtacaítear leis an riarachán poiblí a dhigitiú.

(15) Tá roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí spriocdhírithe san RRP chun feabhas a chur ar fhorbairtí oideachais agus scileanna go háirithe trí líon na ndeiseanna oiliúna a mhéadú, lena n-áirítear deiseanna do bhaill foirne sa chúram do dhaoine scothaosta, agus áiteanna staidéir sa ghairmoiliúint agus san ardoideachas, lena ndírítear ar dhaoine aonair a bhfuil deacrachtaí ar leith acu i margadh an tsaothair. In éineacht leis an mbeart lena ndéantar nuachóiriú ar an reachtaíocht maidir le cosaint fostaíochta, meastar go gcuirfear dreasachtaí breise ar fáil leis chun an caipiteal daonna a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna athraitheacha, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

(16) Meastar go laghdóidh an RRP an baol i ndáil le sciúradh airgid sa chóras airgeadais, agus go ndéanfar sin trí dhá bheart lena neartófar maoirseacht agus forfheidhmiú

éifeachtach an chreata frithsciúrtha airgid. Meastar freisin go bhfeabhsóidh sé an soláthar tithíochta ar cíos agus coinníollacha soláthair sa mhargadh tithíochta.

(17) Is féidir a mheas go bhfuil na moltaí a bhaineann le freagairt láithreach an bheartais fhioscaigh don phaindéim lasmuigh de raon feidhme RRP na Sualainne, d'ainneoin gur thug an tSualainn freagra leormhaith agus leordhóthanach ar an ngá láithreach atá ann tacú leis an ngeilleagar trí mheáin fhioscacha in 2020 agus 2021, i gcomhréir le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar go rannchuideoidh an RRP ar bhealach teoranta freisin leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019 agus 2020 ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa tSualainn, go háirithe maidir leis na rioscaí a bhaineann le ró-luacháil tithe mar aon le hardú leanúnach ar fhiachas teaghlaigh.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag RRP ar an acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Sualainne a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(19) Léirítear in ionsamhlúcháin a rinne ranna an Choimisiúin go bhféadfadh an RRP, in éineacht leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, OTI na Sualainne a mhéadú 0.2 % go 0.3 % faoi 2026, gan an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a chur san áireamh. Meastar freisin go gcuirfidh an RRP leis an bhfostaíocht, go háirithe in 2021-2022. Meastar go n-eascróidh na héifeachtaí dearfacha is suntasaí ar fhás, ar tháirgiúlacht agus ar inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma nó san fhadtéarma as athchóirithe ar shlándáil shóisialta agus pinsin agus as athruithe ar reachtaíocht mhargadh an tsaothair.

(20) Cuirtear i láthair san RRP pacáiste infheistíochtaí agus athchóirithe ar oideachas, ar dhigitiú, agus ar chúram sláinte d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sna réimsí sin, agus go rannchuideofar ar roinnt bealaí le deiseanna comhionanna agus rochtain níos fearr ar an margadh saothair a bhaint amach, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Leis an méadú ar an tairiscint ar ghairmoideachas chomh maith le níos mó áiteanna oideachais ar fud na Sualainne, d'fhéadfaí borradh a chur faoin bhfostaíocht agus faoin táirgiúlacht, agus comhtháthú sóisialta a chothú ag an am céanna. Ina theannta sin, ba cheart tionchar dearfach a bheith ag an méadú ar sholáthar agus ar cháilíocht na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar shaol daoine scothaosta, agus ba cheart do na bearta tacaíochta speisialta a dhíríonn ar mhic léinn agus ar theaghlaigh ar ioncam íseal feabhas a chur ar sheasamh grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh tithíochta.

(21) Meastar go mbeidh geilleagar na Sualainne níos nuálaí agus níos inbhuanaithe mar thoradh ar bhearta chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. Meastar,

go háirithe, leis an tacaíocht a thabharfar d'fhorleathnú leathanbhanda go gcuirfear dlús breise le haistriú digiteach na hoibre agus go laghdófaí na leochaileachtaí do shuaitheadh sa slabhra soláthair. Na bearta chun feabhas a chur ar an gcomhoiriúnú ar mhargadh an tsaothair agus chun na bearnaí scileanna a dhúnadh, ba cheart dóibh cuidiú chun iomaíochas láidir na Sualainne a choimeád agus chun coigeartuithe a éascú i gcás imthosca díobhálacha eacnamaíocha. Ina theannta sin, an bhéim a chuirtear san RRP ar thionscnaimh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, meastar go laghdófar leis sin neamhchosaint ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha neamh-inbhuanaithe a bhfuil riosca dífheidhmeachta ag baint leo. Ar an iomlán, cuirtear chun cinn leis an RRP struchtúr tionscail atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí solúbtha eacnamaíocha nuálacha, atá fabhrach don athléimneacht.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheoidh leis an RRP nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear san RRP dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(23) I gcomhréir leis an bhfógra 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta' a ghlac an Coimisiún Eorpach[4], thug an tSualainn bonn cirt nach ndéanann na bearta uile a áirítear ina RRP dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil. Tugadh aird ar leith ar bhearta ar gá grinnscrúdú géar a dhéanamh ar a dtionchar ar chuspóirí comhshaoil. Tá fianaise shuntasach curtha ar fáil ag an tSualainn agus déanann sí foráil maidir le bearta maolaitheacha a chur chun feidhme chun dochar suntasach a sheachaint, rud ba cheart a áirithiú trí gharspriocanna ábhartha. Baineann sé seo go háirithe le scéimeanna infheistíochta taighde, forbartha agus nuálaíochta agus le scéimeanna tacaíochta leathana faoi 'Industry Leap' agus faoi na tionscnaimh 'Climate Leap' chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, a bhféadfadh suiteálacha a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an AE (ETS) a bheith san áireamh iontu.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta san RRP a rannchuidíonn den chuid is mó (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide méid arb ionann é agus 44.4 % de leithdháileadh iomlán an RRP arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an RRP comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

---

3 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

4 IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(25) Meastar go gcuirfidh athchóirithe agus infheistíochtaí go mór le cuspóirí an dícharbónaithe agus an aistrithe fuinnimh mar a leagtar amach i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Sualainne, rud a chuirfidh le sprioc aeráide an Aontais do 2030. Tá roinnt beart uaillmhianach ann, agus iad grúpáilte le chéile i gcuid 'glas' tiomnaithe den RRP, a thacaíonn le cuspóirí aeráide, agus roinnt beart a thacaíonn freisin le cuspóirí comhshaoil eile, lena n-áirítear caomhnú na bithéagsúlachta. Meastar go mbeidh tionchar marthanach ag cur chun feidhme na mbeart, go háirithe trí rannchuidiú leis an aistriú glas, le feabhsú na bithéagsúlachta agus le cosaint an chomhshaoil.

(26) Cuimsítear san RRP infheistíochtaí sa taighde agus san fhorbairt chun dícharbónú a dhéanamh ar earnálacha tionsclaíocha atá dian ar astaíochtaí chomh maith le hinfheistíochtaí i dtionscadail aeráide áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil sé d'aidhm acu astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, lena n-áirítear bonneagair luchtaithe carranna leictreacha agus táirgeadh bithbhreosla inbhuanaithe. Tá sé d'aidhm freisin ag an RRP astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú trí infheistíochtaí chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ilteaghaise a fheabhsú agus bonneagar iarnróid a uasghrádú, agus ag an am céanna, le hinfheistíochtaí i limistéir luachmhara dúlra a chosaint, go háirithe foraoisí, tacaítear go díreach le caomhnú na bithéagsúlachta agus na ngnáthóg nádúrtha. Déantar infheistíochtaí a chomhlánú le pacáiste athchóirithe uaillmhianacha chun tacú leis an aistriú glas, lena n-áirítear méadú ar an gcáin ar fhuinneamh, coigeartú ar ríomh na cánach ar shochar gluaisteán chun léiriú níos fearr a thabhairt ar lorg carbóin gluaisteán agus ar an méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite i mbreoslaí a úsáidtear in earnáil an iompair.

(27) Cuireann na bearta atá san RRP le sprioc aeráide an Aontais le haghaidh 2050 a bhaint amach chomh maith le sprioc na Sualainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2045.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(28) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa RRP a rannchuidíonn ar (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 20,5 % de leithdháileadh iomlán an RRP arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(29) Cuidíonn na bearta sa RRP chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an tSualainn i dtaca leis an aistriú digiteach. Go háirithe, cé go bhfuil nascacht dhigiteach na Sualainne ard go maith ar an iomlán, tá bearnaí nascachta ann i limistéir inar tearc an daonra. Ba cheart go gcuideodh an tacaíocht do sholáthar céimneach an leathanbhanda le rochtain ar naisc ardluais sna limistéir sin a fheabhsú. Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas na saineolaithe san earnáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide in ainneoin an ardleibhéil scileanna digiteacha i measc phobal na Sualainne ar an iomlán, tá bearta infheistíochta sa RRP chun an líon áiteanna staidéir gairmoideachais i réimsí ábhartha a mhéadú. Ina theannta sin, tá infheistíochtaí sa RRP chun méadú a dhéanamh ar an oideachas sna hollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile, agus beidh sciar mór díobh á leithdháileadh ar chláir a chuireann le scileanna digiteacha.

(30) Meastar go rannchuideoidh na bearta sa RRP leis an aistriú digiteach sa tSualainn trí thacú le digitiú an riaracháin phoiblí. Meastar go gcothófar leis an RRP sineirgí idir na

hiarrachtaí ar mhaithe leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach trí thacú le córais chliste fuinnimh a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú.

***Tionchar buan***

(31) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an RRP ar an tSualainn.

(32) Meastar go dtiocfaidh athrú struchtúrach sa gheilleagar as cur chun feidhme bhearta an RRP trína acmhainneacht nuálaíochta, a inbhuanaitheacht chomhshaoil, a scileanna digiteacha agus a chomhtháthú sóisialta a fheabhsú. Méadaíonn sé sciar na gcánacha comhshaoil, rud a chuidíonn le spriocanna aeráide na Sualainne a bhaint amach agus ar cheart go gcuirfeadh sé dlús le claochlú glas an gheilleagair. Cuirtear leis an méid sin a thuilleadh trí theicneolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn le haghaidh réitigh shaora ó bhreosla iontaise i dtionscail dianfhuinnimh.

(33) Tacaíonn an RRP leis an gcomhtháthú agus leis an gcóineasú sóisialta agus críochach, rud a mheastar go mbeidh tionchar dearfach aige san fhadtéarma freisin. Claontar an beart leathanbhanda le réigiún gan lánchlúdach leathanbhanda, rud a chuireann an comhtháthú réigiúnach chun cinn i ndáil le limistéir ar fud na tíre nach bhfuil an daonra dlúth iontu. Leis sin, ba cheart go mbeadh gach duine in ann páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht shóisialta agus eacnamaíoch dhearfach a bhfuil an digitiú mar bhonn léi. Maidir leis na hinfheistíochtaí san oideachas, lena ndírítear den chuid is mó ar an ngairmoideachas agus ar an oideachas le haghaidh daoine a bhfuil deacrachtaí ar leith acu ar mhargadh an tsaothair, agus ar chláir chun eolas na gcónaitheoirí uile ar an tSualainnis a fheabhsú, meastar go n-imreoidh siad tionchar dearfach fadtéarmach ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an lánpháirtiú sóisialta. Bearta arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin nuálaíocht agus drochthionchair na dtreochtaí déimeagrafacha a chomhrac, tacaíonn siad le gnóthachain táirgiúlachta agus le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí. Cuidíonn siad le feabhas a chur ar an gcumas tacú le hinfheistíochtaí a chuirfidh leis an bhfás amach anseo.

(34) Is féidir tionchar buan an RRP a fheabhsú freisin trí shineirgí idir an RRP agus cláir eile, lena n-áirítear na cláir sin a mhaoinítear le cistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chríochacha agus trí fhorbairt chothrom a chur chun cinn. Athchóirithe struchtúracha a ghabhann leis chun feabhas a chur ar an acmhainneacht fáis, chun bonn nuálaíochta gheilleagar na Sualainne a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar éagothroimí maicreacnamaíocha, meastar go gcuideoidh siad a thuilleadh le conair fáis chothrom inbhuanaithe a bhaint amach tar éis na tréimhse a chumhdaítear leis an RRP.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(35) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa RRP chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(36) Tá Aireacht Airgeadais na Sualainne freagrach as cur chun feidhme foriomlán RRP na Sualainne, agus tá Údarás Náisiúnta Airgeadais na Sualainne (ESV) freagrach as faireachán a dhéanamh ar bhaint amach na gcloch míle agus na spriocanna. Tá siad sin

sách soiléir agus réalaíoch chun a áirithiú go ndéanfar a dtabhairt i gcrích a rianú agus a fhíorú agus tá siad bunaithe ar tháscairí ábhartha inghlactha láidre. Meastar go mbeidh na sásraí fíoraithe, bailiú na sonraí agus na freagrachtaí a dtugann údaráis na Sualainne tuairisc orthu sách láidir chun údar maith a thabhairt leis na hiarrataí eisíocaíochta ar bhealach leordhóthanach. Tá clocha míle agus spriocanna go hábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ceanglaítear na clocha míle agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh eisíocaíochta.

(37) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid in iúl agus go n-aithnítear í i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfar tacaíocht theicniúil a iarraidh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit a RRPanna a chur chun feidhme.

***Costáil***

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa RRP maidir le méid chostais measta iomlán an RRP réasúnta agus inchreidte go measartha láidir (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(39) Tríd is tríd, tá miondealuithe mionsonraithe ar na meastacháin ar chostais soláthraithe ag an tSualainn le haghaidh na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe faoi leith a bhfuil costas gaolmhar ag baint leo sa RRP. Tá an réasúnú maidir leis na costais bunaithe go príomha ar chomparáidí le tionscadail roimhe seo nó le tionscadail chomhthreomhara atá cosúil ó thaobh cineáil de leis na bearta atá beartaithe. I gcás na mbeart nach féidir a gcostais a chinneadh go mion *ex-ante*, amhail scéimeanna atá bunaithe ar an éileamh lena ngabhann glaonna ar thograí, tá fianaise soláthraithe ag an tSualainn chun a léiriú nach bhfuil an méid foriomlán a bheidh le caitheamh díréireach le riachtanais chistithe na n-earnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu. Léiríonn an measúnú ar chostais go bhfuil an chuid is mó de na costais sa RRP réasúnta agus inchreidte. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an nasc idir an réasúnú agus an costas féin lánsoiléir i gcás roinnt beart, ní féidir rátáil 'A' a thabhairt maidir leis an gcritéar seo. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an RRP i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(40) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa RRP agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith (Rátáil A) iad chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar go héifeachtach leo cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur

---

[5] Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(41) Tá bearta cur chun feidhme ag gabháil leis an RRP, lena n-áirítear bearta coimirce cuimsitheacha i ndáil le rialú agus iniúchadh, faoi réir chur chun feidhme iomlán na gcloch míle tiomnaithe breise sa réimse seo. Is ar an Aireacht Airgeadais atá an fhreagracht fhoriomlán as an RRP a chur chun feidhme agus tá sí cuntasach thar ceann na n-eintiteas earnála poiblí uile maidir le gnéithe oibríochtúla agus riaracháin an RRP. Tá an Aireacht Airgeadais freagrach freisin as freagra lárnach a láimhseáil agus a áirithiú ar iarrataí faisnéise agus rochtana ar shonraí faoi na faighteoirí deiridh . Is iad na húdaráis atá freagrach as an RRP a chur chun feidhme a áirithíonn go mbailítear agus go stóráiltear na sonraí sin. Chun comhleanúnachas a áirithiú i gcur chun feidhme an RRP, is é Údarás Náisiúnta Bainistíochta Airgeadais na Sualainne (ESV) an t-údarás iniúchóireachta uileghabhálach, a chabhraíonn leis an Aireacht Airgeadais maidir lena dualgais chomhordaithe fhoriomlána. Rannchuidíonn an Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta (OIN) freisin trí iniúchtaí athfhillteacha ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus iontaofacht na gcuntas, ag gníomhú di go neamhspleách ar an rialtas agus an sainordú a thug an Pharlaimint di á chur i bhfeidhm aici.

(42) An córas rialaithe inmheánaigh a dtugtar tuairisc air in RRP na Sualainne, tá próiseas agus struchtúr láidir ann lena sainítear róil agus freagrachtaí na n-eintiteas cur chun feidhme go soiléir agus lena ndéantar na feidhmeanna rialaithe ábhartha a lánscaradh go hiomchuí. Ba cheart clocha míle a bhunú lena gceanglaítear go dtabharfar leasuithe reachtacha i bhfeidhm, leasuithe lena mbunaítear sainorduithe dlíthiúla le haghaidh na gcomhlachtaí atá bainteach le comhordú, faireachán, rialú agus iniúchadh ar chur chun feidhme RRP na Sualainne, agus lena leagtar amach na sainorduithe go háirithe le haghaidh gach eintitis rialtais a bhfuil baint aige le gnéithe oibríochtúla chur chun feidhme an RRP, le hainmniú an údaráis iniúchóireachta agus leis an gcomhlachta atá freagrach as straitéis iniúchóireachta a ullmhú maidir le cur chun feidhme RRP. Leis na clocha míle sin, ba cheart a áirithiú go n-áireofar sa chóras na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad: (a) bailiú na sonraí agus an faireachán ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna; agus (b) bailiú agus stóráil na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2), pointe (d)(i) go (iii), de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirithiú na rochtana ar na sonraí sin.

***Comhleanúnachas an RRP***

(43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa RRP bearta láidre (Rátáil A) le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(44) Is saintréith de chuid an RRP fís chomhsheasmhach chun an téarnamh a úsáid mar ghiaráil chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus chun an comhtháthú sóisialta a chothú, fís ina bhfuil na comhchodanna agus na bearta aonair comhleanúnach le chéile. Tá na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i ngach

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

comhchuid comhsheasmhach agus treisíonn siad a chéile, agus tá sineirgí agus comhlántachtaí ann idir na comhchodanna. Mar shampla, leis an athchóiriú chun an ghairmoiliúint sa chúram sláinte agus sóisialta a chothú i gcomhar leis an oiliúint sa tSualainnis, meastar go dtabharfar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair. An tráth céanna, ba cheart go gcabhródh an t-athchóiriú sin freisin le seirbhísí cúraim ardcháilíochta a áirithiú, ar seirbhísí iad lena gcomhlánaítear an tionscnamh tiomnaithe cúraim do dhaoine scothaosta agus an beart chun gairm na haltra a rialáil.

*An Comhionannas*

(45) Tá bearta ar leith sa RRP a meastar, go pointí éagsúla, go gcabhróidh siad leis an tSualainn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimpi i réimsí an chomhionannais inscne agus an chomhionannais deiseanna do chách, go háirithe maidir leis an oideachas agus an oiliúint, atá dírithe, i measc nithe eile, ar dhaoine óga, ar dhaoine de thionscnamh imirceach agus ar dhaoine atá faoi mhíchumas. Léiríonn an RRP sprioc bheartais fhoriomlán an Rialtais maidir leis an gcomhionannas inscne, mar atá, go mbeidh an deis chéanna ag mná agus ag fir an tsochaí agus a saol féin a mhúnlú. Meastar go mbeidh an RRP ina uirlis thábhachtach chun an comhionannas inscne agus an buiséadú inscne a chur chun cinn.

*Féinmheasúnú slándála*

(46) Níor soláthraíodh féinmheasúnú slándála toisc nár mheas an tSualainn é a bheith iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 18(4), pointe (g) de Rialachán (AE) 2021/241.

*An próiseas comhairliúcháin*

(47) Ag céimeanna ullmhúcháin RRP na Sualainne, bhí a lán comhairliúchán ann leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na heagraíochtaí gnó, lena n-áirítear comhairliúcháin laistigh de chreat an chomhordaithe náisiúnta maidir leis an Seimeastar Eorpach ar leibhéal na seirbhísí. Tionóladh cruinniú le hionadaithe na sochaí sibhialta. Chuir páirtithe leasmhara ábhartha, amhail grúpaí sainleasa, gnólachtaí agus ionadaithe bardas agus réigiún moltaí isteach sa phróiseas. Na hathchóirithe nó na bearta sa RRP a bhaineann le hathrú ar an reachtaíocht atá ann cheana, cuireadh tograí maidir leo faoi bhráid na n-údarás, na mbardas, na gcomhlachas agus na ndaoine aonair ábhartha roimh ré, sin nó táthar ag súil leis go gcuirfear.

(48) I gcás inarb infheidhme, ba cheart do na páirtithe leasmhara lena mbaineann leanúint de bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme na mbeart faoi seach, chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis i dteagmháil leanúnach leis na saoránaigh, na cuideachtaí, na bardais agus na réigiúin. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa RRP.

*Measúnú dearfach*

(49) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir le RRP na Sualainne agus an toradh a bhí air, mar atá, go go comhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfaí amach leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP a chur chun feidhme, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an

méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an RRP.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(50) Is é costas iomlán measta RRP na Sualainne SEK 33 304 030 000, arb ionann é agus EUR 3 289 286 914 ar bhonn ráta tagartha EUR SEK BCE an 28 Bealtaine 2021. Ós rud é go gcomhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an RRP níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil i gcás na Sualainne, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh RRP na Sualainne a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil i gcás na Sualainne.

(51) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, déanfar ríomh na ranníocaíochta uasta airgeadais don tSualainn a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022. Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán sin, ba cheart méid nach mó ná an ranníocaíocht uasta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), den Rialachán sin a chur ar fáil anois le haghaidh gealltanais dhlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. I gcás inar gá tar éis nuashonrú a dhéanamh ar an ranníocaíocht uasta airgeadais, ba cheart don Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, an Cinneadh seo a leasú chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán sin, a chur leis gan moill mhíchuí.

(52) Tá an tacaíocht atá le soláthar le maoiniú ó iasachtaí a gheobhaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais ar bhonn Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[7]. Ba cheart an tacaíocht a íoc i dtráthchodanna a luaithe a bheidh na clocha míle agus spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an RRP comhlíonta go sásúil ag an tSualainn.

(53) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d’fhéadfadh a bheith ann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an RRP*

Formheastar an measúnú ar RRP na Sualainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin RRP, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an RRP, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

[7] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

*Airteagal 2*
*Ranníocaíocht airgeadais*

1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don tSualainn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 3 288 516 389[8]. Beidh méid EUR 2 910 807 980 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Más é atá mar thoradh ar an nuashonrú dá bhforáiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241 ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh na Sualainne arb ionann í agus EUR 3 288 516 389, nó ar mó ná sin í, beidh méid breise EUR 377 708 409 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Más é atá mar thoradh ar an nuashonrú dá bhforáiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241 ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh na Sualainne is lú ná EUR 3 288 516 389, beidh an difríocht idir an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe agus méid EUR 2 910 807 980 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 20(8) de Rialachán (AE) 2021/241 ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don tSualainn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinsí amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.

3. Maidir le tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gcomhaontú maoinithe, beidh sé sin ar choinníoll an chistithe a bheidh infhaighte agus ar choinníoll cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an RRP comhlíonta go sásúil ag an tSualainn. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, comhlánóidh an tSualainn na clocha míle agus na spriocanna tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026, faoi réir theacht i bhfeidhm na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 3*
*Seolaithe*

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

8 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Sualainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.